

CÁIN BHREISLUACHA – ALT 56

An tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010

(Nóta 1)



(FÉACH AR NA NÓTAÍ LASTALL ROIMH AN BHFOIRM SEO A CHOMHLÁNÚ)

Iarratas ag duine incháinite de réir Alt 56 den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010 ar údarú:

- chun earraí áirithe agus / nó seirbhísí áirithe a bheith á soláthar dó nó di ag an ráta nialasach CBL,
- cuntas a thabhairt ar CBL i leith fáiltis áirithe ón AE ag an ráta nialasach,
- earraí áirithe a impórtáil gan Cáin Bhreisluacha a íoc.

(Nóta 2)

1. Ainm:	<input type="text"/>	2. Seoladh:	<input type="text"/>
3. Ainm Trádála (más ann dó):	<input type="text"/>		
4. Uimhir fóin:	<input type="text"/>	5. Ríomhphost:	<input type="text"/>
6. Uimhir CBL: IE	<input type="text"/>		
7. Cur síos cruinn ar an nGnó:	<input type="text"/>		(Nóta 3)
8. Uimhir clárúcháin grúpa CBL an íocóra (má tá sé éagsúil ó uimhir 6 thuas)	IE	<input type="text"/>	(Nóta 4)
9. Sonraí láimhdeachais:			
(i) Láimhdeachas iomlán ó sholáthairtí earraí nó seirbhísí sna 12 mhí roimhe sin		€ <input type="text"/>	(Nóta 5)
(ii) Láimhdeachas iomlán sna 12 mhí roimhe sin ó sholáthairtí ar ráta nialasach laistigh den Chomhphobal d'earraí agus d'easpórtáil earraí a cuireadh san áireamh i gcuid (i)		€ <input type="text"/>	
10. Más é seo an chéad uair a dhéantar iarratas d'Údarú faoi Alt 56, tabhair na sonraí seo a leanas:			
(i) Liosta Stiúrthóirí			
(ii) Liosta Scairshealbhóirí			
(iii) Liosta Comhpháirtithe			
Más athnuachan é an t-iarratas seo, ní mór an fhaisnéis seo a thíolacadh sa chás go bhfuil athruithe i gceist ón iarratas deireanach (Nóta 6)			
11. Cuir tic le deimhniú:			
• go bhfuil taifid iomlána fhíora á gcoimeád de réir Alt 84 den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010,			<input type="checkbox"/>
• Tá mé / muid comhlíontach leis na forálacha mar atá luaite i Rialachán 34A (b) de na Rialacháin Cánach Breisluacha, 2010 (arna leasú)			<input type="checkbox"/>
• Níor ciontaíodh mé / muid i leith aon chiona faoi fhorálacha ar bith mar atá luaite i Rialachán 34A (c) de na Rialacháin Cánach Breisluacha (arna leasú)			<input type="checkbox"/>

DEARBHÚ

Déanaim / Déanann muid iarratas leis seo ar údarú de réir Alt 56 den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010, agus dearbhaím / dearbhaíonn muid go bhfuil an fhaisnéis thuasluaite ceart. Geallaim / geallann muid aon fhaisnéis bhreise a iarraidh i ndáil leis an iarratas seo a chur ar fáil.

Síniú: Dáta:

Stádas: (Nóta 7)

DEIMHNIÚ CUNTASÓRA

(Le comhlánú ag an gCuntasóir a ullmhaíonn agus / nó a dhéanann iniúchadh ar chuntais an iarratasóra de ghnáth)

Deimhním / Deimhníonn muid gurb é an láimhdeachas ar feadh 12 mhí roimhe sin i ndáil le soláthairtí ar ráta nialasach laistigh den Chomhphobal d'earraí agus d'easpórtáil earraí ná € agus go bhfuil 75% ar a laghad den láimhdeachas iomlán ó sholáthairtí earraí agus seirbhísí don tréimhse chéanna cuimsithe san fhigiúr seo.

Sínithe: Dáta:

Ainm agus Seoladh an Chuntasóra:

Ba chóir an t-iarratas seo a thíolacadh don oifig de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim is áitiúil don iarratasóir.
Le haghaidh seoltaí, féach ar an Aimsitheoir Teagmhála ar www.revenue.ie

NOTAÍ

Nóta 1

Mínítear go mion in Alt 56 Rátáil nialasach ar earraí agus seirbhísí den Lámhleabhair Cánach & Dleachta na forálacha d'Alt 56 den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010.

Nóta 2

Beidh na forálacha d'Alt 56 den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010 i bhfeidhm i gcás na hearraí agus na seirbhísí uile lasmuigh de na heisceachtaí a leanas:

- (a) mótarfheithiclí áirithe agus peitreal,
- (b) seirbhísí arb éard atá iontu ná bia agus deoch a sholáthar, fruilíú mótarfheithiclí áirithe, lóistín, siamsaíocht, agus seirbhísí pearsanta eile.

Nóta 3

Déan cur síos cruinn ar an gcineál gnó atá i gceist.

Nóta 4

Ní údarófar clárúchán grúpa (is é sin sa chás go láimhseáiltear roinnt cuideachtaí mar dhuine incháinite amháin chun críocha CBL) faoi fhoráil 56 ach amháin i gcás go bhfuil 75% ar a laghad de láimhdeachas iomlán an ghrúpa sna 12 mhí roimhe sin díorthaithe ó easpórtáil earraí nó soláthairtí earraí laistigh den Chomhphobal. Níl cead ag baill aonair den chlárúchán grúpa údarú a fháil mura bhfuil an grúpa ina iomláine údaraithe.

Nóta 5

Cuirtear soláthairtí díolmhaithe san áireamh sa láimhdeachas iomlán ach ní áirítear earraí a díoladh agus a léasaítear iad ar ais ina dhiaidh sin.

Nóta 6

Coinníonn na Coimisinéirí Ioncaim acu féin ceart faisnéis atá liostaithe in alt 10 a iarraidh i gcás na n-athnuachaintí.

Nóta 7

Ní mór an t-iarratas seo a bheith sínithe ag duine atá údaraithe go cuí chun síniú agus atá freagrach as cruinneas na faisnéise tugtha, mar shampla rúnaí cuideachta, úinéir nó comhpháirtí.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla eile mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do chuid sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna eile Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile i gcúinsí áirithe nuair atá foráil dó seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi pholasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil ar an leathanach **Príobháideachas** ar www.revenue.ie ar a bhfuil sonraí faoin gcaoi a mbainfidh muid úsáid as do chearta mar dhuine is ábhar do shonraí. Tá sonraí an pholasaí seo ar fáil i bhformáid cóipe crua ach é a iarraidh.